| | |
|---|---|
| **COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH** | **An Bhruiséil, 7 Samhain 2011 (15.11)** **(OR. en)** |
| | **16461/11** |
| | **ACP 213** **FIN 838** **PTOM 47** |

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal an ACC |
| chuig | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimhir an togra ón gCoim.: | 14021/11 - SEC(2011) 1055 leagan deireanach |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Athbhreithniú ar Fheidhmiú an 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta - Glacadh |

1. Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, a síníodh in Cotonou an 23 Meitheamh 2000[1], leis an gComhaontú Inmheánach[2] agus leis an Rialachán Cur Chun Feidhme[3] atá infheidhme maidir leis an 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF), iarrtar ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an 10ú CEF, i gcomhar leis na Stáit ACC, ar bhonn togra a ullmhóidh an Coimisiún.

2. Leis an athbhreithniú ar fheidhmiú sin, déanfar measúnú ar fheidhmiú airgeadais agus ar fheidhmiú cainníochtúil agus cáilíochtúil an 10ú CEF (lena gcumhdaítear an tréimhse 2008-2013), agus go háirithe ar na torthaí agus an tionchar a bhí aige, a thomhaisfear i dtéarmaí dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.

---

[1] Comhaontú Cotonou, Iarscríbhinn 1b, Airteagal 7.
[2] Comhaontú Inmheánach, Airteagal 1 (10) (IO L 247, 9.9.2006, lch. 32).
[3] Comhaontú Inmheánach, Airteagal 14 (5) (IO L 152, 13.9.2007, lch. 1).

3. An 9 Meán Fómhair 2011, le gur fusa an t-athbhreithniú a dhéanamh, ar athbhreithniú é a chuirfidh an Chomhairle agus na Stáit ACC i gcrích le chéile, rinne an Coimisiún Doiciméad Inmheánach Oibre (DIO) a chur ar aghaidh chuig an gComhairle: "An tAthbhreithniú ar Fheidhmiú an 10ú CEF"[4], ina ndéantar achoimre ar chláreagrú, ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí an 10ú CEF.

4. Ar bhonn PIO an Choimisiúin, phléigh Meitheal an ACC ceist an athbhreithnithe ar fheidhmiú agus tháinig sí ar chomhaontú an 7 Samhain 2011 ar théacs de na Conclúidí ón gComhairle. An seasamh ón AE atá sna Conclúidí sin d'fhonn go ndéanfar an t-athbhreithniú ar fheidhmiú an 10ú CEF i dteannta na Stát ACC.

5. D'aontaigh an Mheitheal a mholadh do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle na Conclúidí a ghlacadh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo iad, faoi na hítimí "A" ar a Clár Oibre.

______________

[4] 14021/11 - SEC(2011) 1055 deireanach.

**Dréacht**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an Athbhreithniú ar Fheidhmiú an 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta**

1. I gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirítíochta ACC-AE, déanfaidh an Chomhairle, i gcomhar le Stáit san ACC athbhreithniú ar fheidhmiú an 10ú gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF)[1]. Measfar san athbhreithniú ar fheidhmiú a mhéid atá ag cloí leis na gealltanais a tugadh agus na híocaíochtaí a rinneadh mar aon leis na torthaí agus an tionchar a ghabhann leis an gcúnamh tríd an 10ú CEF a thomhaistear i dtéarmaí an dul chun cinn a dhéantar i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise[2]a bhaint amach. Tugtar deis thábhachtach leis an athbhreithniú ar fheidhmiú chun staid reatha chláir an 10ú CEF a mheas.

2. Is ionann na Conclúidí seo ón gComhairle agus an seasamh ón gComhairle d'fhonn athbhreithniú ar fheidhmiú a dhéanamh i gcomhar le Stáit san ACC. Cuirtear na Conclúidí in iúl le Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin[3] lena ndírítear ar achoimre ar leagan amach na gclár, ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí an 10ú CEF a chur ar fáil, lena scrúdáitear an breisluach a ghabhann leis an 10ú CEF sna príomhréimsí a bhaineann leis, lena dtugtar tuarascáil ar fheidhmiú airgeadais agus lena ndéantar measúnú ar fheidhmiú foriomlán.

[1] Cumhdaítear leis an 10ú CEF an tréimhse ón 2008 go 2013 agus gabhann buiséad foriomlán 22682 milliún EURO leis. Leithdháiltear 21 966 milliún EURO den méid sin ar thíortha sanACC, leithdháiltear 286 milliún EURO ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear, agus leithdháiltear 430 milliún EURO ar an gCoimisiún mar chaiteachtas tacaíochta chun clár a cheapadh don CEF agus é sin a chur chun feidhme.

[2] Rialachán (CE) Uimh 617/2007 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2007 maidir leis an 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta a chur chun feidhme faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta an ACC-CE.

[3] 14021/11

3. Le deich mbliana anuas, chuir an tAontas Eorpach feabhas ar a fheidhmiú i ndáil le comhar forbartha, rinne sé nuachóiriú ar a ionstraimí comhpháirtíochta agus ionstraimí airgeadais, chuir sé sásraí ar bun chun tacú le comhleanúnachas beartais agus mhol sé bealaí cur chuige um beartas roinnte le Ballstáit. Ag é ag aithint go bhfuil freagracht ar na bpríomhthíortha comhpháirtíochta maidir lena straitéisí forbartha féin a shainiú, d'aistrigh an AE ó chaidreamh de chineál deontóra-tairbhí go caidreamh de chineál comhpháirtíochta, agus tá níos mó comhfhreagrachta á lorg aige ina chaidrimh le tíortha comhpháirtíochta. Is creat é Comhaontú Comhpháirtíochta an ACC-AE do pháirtíocht an AE le Stáit san ACC arshaincheisteanna ar cúis imní dhomhanda iad, amhail deireadh a chur leisanmbochtaineacht, athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, imirce, dea-rialachas, cearta an duine agus saincheisteanna a bhaineann le síochán agus le slándáil.

4. Tugann an Chomhairle dá haire go leagtar béim leis an Doiciméad Oibre Inmheánach ar bhreisluach an 10ú CEF maidir le leagan amach na gclár, achoimre a chur ar fáil ar ghníomhaíochtaí ar leibhéil éagsúla - ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idir-ACC - agus ar an bhfreagrúlacht a bhaineann leis sin. Agus tromlach chistí an CEF dírithe ar an leibhéal náisiúnta, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil cláir an AE sonrach do thír faoi leith, ceaptha go sainiúil agus bunaithe ar riachtanais, ar straitéisí, ar thosaíochtaí agus ar shócmhainní thíortha san ACC. Tá ionstraimí agus modhanna sonracha ceaptha ag an AE chun freagairt do gach cás faoi leith. Tógadh an CEF ar phrionsabal na hintuarthachta, mar sin féin, bhí an AE in ann sásraí núalacha maidir le dreasachtaí a thabhairt isteach chun freagairt do chúinsí a bhíonn ag athrú, mar shampla, trí thosaíochtaí nua a thabhairt do chistí nár leithdháilteadh ó leithdháiltí tíre agus réigiúnacha, mar aon le hionstraimí nuálacha abhunú, amhail an fhreagairt do ghéarchéimeanna a bhaineann le praghsanna bia idirnáisiúnta atá ag ardú go gasta agus an V-FLEX. Bhí an AE in ann ról tábhachtach aghlacadh maidir le tacaíocht a thabhairt do thíortha san ACC agus iad ag déileáil le tubaistí, le géarchéimeanna bia, géarchéimeanna eacnamaíocha, géarchéimeanna airgeadais agus géarchéimeanna polaitiúla. Tugann an Chomhairle dá haire go ndearnadh bearta iomchuí faoi Airteagal 96 den Comhaontú nuair a sáraíodh gnéithe bunriachtanacha de Chomhaontú Comhpháirtíocht an ACC-AE: urraim do chearta an duine, prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta; chun tacaíocht a thabhairt do na tíortha lena mbaineann an ord bunreachtúil a chur ar bun arís.

5. Tá feidhmiú eacnamaíoch an CFE tar éis feabhsú le trí bliana anuas i dtéarmaí gealltanas agus caiteachais. Feiceann an Chomhairle go raibh timpeall 50% de 10ú ciste an CFE geallta faoi dheireadh 2010. D'fhéadfadh an 10ú ciste ina iomláine a bheith geallta faoi dheireadh 2013. Tá treocht na n-íocaíochtaí ag ardú freisin, é ag teacht i bhfoisceacht leibhéal na ngealltanas, beagnach.

6. Aithníonn an Chomhairle na deacrachtaí a bhaineann leis an dul chun cinn a dhéantar ó thaobh na SFManna a chomhlíonadh a lua leis na foinsí éagsúla maoinithe ó dheontóirí idirnáisiúnta agus institiúidí airgeadais, ó bhuiséid náisiúnta, ón tsochaí shibhialta agus ón earnáil phríobháideach. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí a thuilleadh anailíse, agus í cuimsitheach agus córasach, ar thionchar agus ar thorthaí an 10ú CFE á meas i dtéarmaí an dul chun cinn chun na SFManna a chomhlíonadh.

7. Cé go n-aithníonn an Chomhairle fiúntas na gcóras monatóireachta agus meastóireachta atá bunaithe ag an gCoimisiún, atá infheidhmithe freisin maidir le cláir agus tionscnaimh a mhaoinítear ó bhuiséad an AE agus ón CFE, spreagann sí an Coimisiún chun bearta breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar an meastóireacht a dhéantar ar thionchar a chomhair um fhorbairt, agus riocht agus dúshláin shonracha na dtíortha ACC á gcur san áireamh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na córais mhonatóireachta agus mheastóireachta a neartú, lena n-áirítear na táscairí feidhmiúcháin, le go gcuirfear feabhas ar a chórais agus ar a nósanna imeachta chun torthaí agus tionchar a thuairisciú. Tá an Chomhairle ag súil le plé a dhéanamh ar thogra an Choimisiúin mar atá sé leagtha amach sa Teachtaireacht maidir le tionchar Beartas um Fhorbairt an AE a mhéadú[4], d'fhonn sonraí comhdhlúite maidir le tionchar agus torthaí a chur ar fáil.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar éifeachtacht na cabhrach agus go háirithe ar an gcuntasacht fhrithpháirteach. Meabhraíonn sí a Conclúidí maidir le héifeachtacht na cabhrach a glacadh le haghaidh rannpháirteachas an AE sna Fóraim Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach in Accra (2008) agus in Busan(2011).

[4] 15560/11.

9. Tá an Chomhairle ag súil le tograí deireanacha an Choimisiúin maidir leis an gcur chuige amach anseo do Thacaíocht Bhuiséadach AE a phlé, arb é an aidhm atá leis gurb éifeachtúla agus gurb éifeachtaí a bheidh tacaíocht bhuiséadach an AE ó thaobh torthaí a bhaint amach san fhorbairt. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle ag súil le ról na tacaíochta buiséadaí aphlé mar veicteoir don athrú chun tabhairt faoi phríomhdhúshláin agus faoi phríomhchuspóirí san fhorbairt, mar atá, (i) tionchar laghdú na bochtaineachta agus chomhlíonadh na SMFanna (ii) cearta an duine agus luachanna daonlathacha a chur chuncinn, (iii) feabhas a chur ar bhainistiú airgeadais, ar chobhsaíocht macraeacnamaíoch, ar an bhfás cuimsitheach agus ar an troid in aghaidh na caimiléireachta agus na calaoise, (iv) athchóiriú a chur chun cinn agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sna hearnálacha, (v) tógáil Stát i stáit leochaileacha agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin forbartha SIDS agus OCTs, (vi) feabhas a chur ar an tiomsú náisiúnta ioncaim agus an spleáchas cabhrach a laghdú, (vii) an intuarthacht, an chuntasacht náisiúnta agus fhrithpháirteach, (viii) monatóireacht, meastóireacht agus cumarsáid.

10. Tuigeann an Chomhairle go bhfuil an t-athbhreithniú feidhmiúcháin seo á chur i gcrích i dtimpeallacht eacnamaíoch atá tar éis athrú ón mbonn aníos ó theacht i bhfeidhm an10ú CFE in 2008. Leis an ngéarchéim eacnamaíoch dhomhanda, tá an caiteachas poiblí suite anois i gcroílár na díospóireachta polaitiúla. Is é tuairim láidir na Comhairle go gcaithfidh an AE a chuid acmhainní a úsáid ar bhealach éifeachtach, go hidirnáisiúnta agus san Aontas féin. Sa chomhthéacs sin, teastaíonn aird leanúnach chun nósanna imeachta a dhéanamh níos éifeachtúla agus chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme, más fúinn feabhas a chur ar thionchar an CFE sna tíortha páirtíochta. Is uirlis thábhachtach iad, chun na SFManna a bhaint amach, na tograí i leith athfhócasú a dhéanamh ar chaiteachas agus ar bheartais an AE um fhorbairt le gur mó an tionchar sna tíortha ACC a bheidh ag cláir ar an bhfás agus ar an bhfostaíocht, iad araon inbhuanaithe agus cuimsitheach.

11. Creideann an Chomhairle, i gcreat an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta ACC-AE, gur gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas don chomhoibriú straitéiseach i ndiaidh 2013: (i) an próiseas pleanála a shimpliú chun bheith fiú níos mó ar aon dul le tosaíochtaí agus straitéisí na dtíortha páirtíochta, (ii) cur chuige de chuid an AE a bheadh ní ba dhifreáilte ó thaobh leithdháilte do thíortha agus modhanna cur chun feidhme, (iii) feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar an gcomhleanúnachas laistigh den AE, lena n-áirítear tríd an gcomhphleanáil ar leibhéal na tíre, más iomchuí, agus idir ionstraimí agus institiúidí an AE, agus feabhas a chur ar na sineirgí leis an BEI, (iv) feabhas a chur ar an idirphlé agus ar an gcomhordú le deontóirí eile (v) leanúint d'fheabhas a chur ar an idirphlé polaitiúil ACC-AE agus gníomhú chun feabhas a chur ar an rialachas daonlathach agus eacnamaíoch, agus ar chearta an duine, (vi) leanúint den tsolúbthacht a mhéadú ó thaobh bheith in ann freagairt do staideanna nach intuartha agus do staideanna leochaileacha agus dreasachtaí a thabhairt chun an feidhmiú a fheabhsú, (vii) breis rannpháirteachais ón tsochaí shibhialta agus ó na parlaimintí náisiúnta, (viii) tiomantas níos láidre chun straitéisí réigiúnacha a chur chun feidhme, (ix) feabhas na trédhearcachta agus na cuntasachta frithpháirtí.

12. Lena chois sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach, in éineacht leis na stáit ACC, smaoineamh a dhéanamh ar raon agus ar chuspóirí athbhreithniú an chomhair ACC-AE amach anseo, agus muid ag iarraidh feabhas a chur ar thorthaí agus ar thionchar an CFE.